Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2022
(OR. fr)

8681/22

INF 64
API 33

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Mheitheal um Fhaisnéis |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8196/22 ; 8196/22 COR1 |
| Ábhar: | An 20ú tuarascáil bhliantúil ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, de chuid na Comhairle agus de chuid an Choimisiúin |

1. In Airteagal 17(1) de Rialachán 1049/2001 maidir le rochtain ar dhoiciméid, suitear nach mór do gach institiúid tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin an bhliain roimhe sin.

2. Aithnítear sa dréacht-tuarascáil bhliantúil don bhliain 2021 na príomhthreochtaí agus na príomhghnéithe a bhaineann le hiarratais ar rochtain ar dhoiciméid de chuid na Comhairle agus déantar athbhreithniú ar ghearáin chuig an Ombudsman chomh maith le rialuithe arna dtabhairt ag na Cúirteanna Eorpacha i gcásanna a bhaineann le cur chun feidhme an rialacháin ag na hinstitiúidí. Leanann tuarascáil 2021 an leagan amach nua giorraithe atá ann le blianta beaga anuas, ós rud é go bhfuil na sonraí staidrimh a sholáthraíonn an bonn don tuarascáil ar fáil anois mar shonraí oscailte ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

3. Cuireadh an dréacht-tuarascáil bhliantúil maidir le rochtain ar dhoiciméid de chuid na Comhairle don bhliain 2021[1] faoi bhráid na Meithle um Fhaisnéis agus tháinig sí ar chomhaontú ina leith ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Aibreán 2022.

4. Dá bhrí sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an tuarascáil bhliantúil, a leagtar amach in 8196/22 (+ COR 1), a fhormheas mar mhír 'A' ar a clár oibre.

[1] 8196/22.